Comhairle Contae Loch Garman
Wexford County Council

# Plépháipéar Oidhreachta



An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council

# Réamhrá

Tá Comhairle Contae Loch Garman ag tabhairt faoi thionscnamh spreagúil chun ár gcéad Phlean Oidhreachta Contae a fhorbairt. Is cuid lárnach dár bhféiniúlacht í an oidhreacht, agus is tábhachtach a chinntiú go ndéanfar í a chosaint do na glúnta atá le teacht. Cabhróidh an Plean le hoidhreacht shaibhir Chontae Loch Garman a chaomhnú, a chosaint agus a chur chun cinn.



Tugtar an cúlra le forbairt an Phlean Oidhreachta sa pháipéar seo. Tá sé ceaptha cabhrú le tús a chur le plé ar shaincheisteanna agus tosaíochtaí Oidhreachta. Ionas go n-éireoidh le Plean Oidhreachta Loch Garman, is tábhachtach go gcloisfimid tuairimí na gcónaitheoirí agus na n-eagraíochtaí áitiúla go léir, agus na bpáirtithe leasmhara go léir in Oidhreacht Loch Garman.



# Cad is Oidhreacht ann?

An sainmhíniú ar oidhreacht san Acht Oidhreachta, 1995 ná go gcuimsíonn sí séadchomharthaí, seandálaíocht, réada oidhreachta, ailtireacht, flora, fauna, gnáthóga fiadhúlra, tírdhreacha, muirdhreacha, báid bhriste, geolaíocht, páirceanna agus gairdíní oidhreachta agus uiscebhealaí intíre.

Tá oidhreacht chultúrtha dholáimhsithe amhail amhráin, filíocht, béaloideas, ceirdeanna traidisiúnta, teanga agus spórt san áireamh sa sainmhíniú atá againne ar oidhreacht freisin.





Dá bhrí sin, tá an oidhreacht gach áit thart orainn, léirítear í sa tírdhreach ina gcónaímid agus léirítear í sa tuiscint atá againn ar an tírdhreach sin. Cabhraíonn gnéithe den oidhreacht linn sainmhíniú a thabhairt orainn féin, agus cuidíonn siad le féiniúlacht láidir agus braistint den bhród a fhorbairt, rudaí a fhágann gur acmhainn uathúil í.


# Wexford Heritage Overview




Séadchomharthaí
Taifeadta: 4319



Reiligí Stairiúla
141



Caisleáin
101




Struchtúir atá faoi
Chosaint: 1503




Limistéir Chaomhantais
Ailtireachta: 12



Teachíní Ceann
Tuí: 200+



Láithreáin Oidhreachta
Geolaíochta: 42



Limistéir Chaomhantais
Speisialta: 12



Anaclanna Dúlra
3



# Oifigeach Oidhreachta Loch Garman

Bíonn Oifigigh Oidhreachta Contae fostaithe ag Údaráis Áitiúla i gcomhpháirtíocht leis an gComhairle Oidhreachta. Tá ról lárnach acu maidir le feasacht agus eolas faoin oidhreacht a chur chun cinn, chomh maith le bród as an oidhreacht áitiúil. Cuireann siad comhairle, treoir agus eolas ar fáil maidir le gnéithe éagsúla d'oidhreacht na hÉireann agus den dea-chleachtas oidhreachta.

Oibreoidh Oifigeach Oidhreachta Loch Garman, Colm Moriarty, go dlúth leis an bhFóram Oidhreachta chun straitéis don oidhreacht sa chontae, i.e. an Plean Oidhreachta Contae, a ullmhú agus a chur i bhfeidhm.



# Fóram Oidhreahta Loch Garman

Is grúpa comhairleach neamhreachtúil é an Fóram Oidhreachta a bhunaigh Comhairle Contae Loch Garman chun comhairle a chur ar fáil faoi ullmhú agus cur i bhfeidhm an Phlean Oidhreachta Contae. Tá comhaltacht an Fhóraim comhdhéanta d'ionadaithe ar ghníomhaireachtaí a bhfuil spéis acu in oidhreacht nádúrtha, chultúrtha agus thógtha Chontae Loch Garman agus atá rannpháirteach inti.

An ról atá ag an bhFóram ná comhoibriú leis an Oifigeach Oidhreachta agus leis an bhFoireann Oidhreachta chun Plean Oidhreachta an Údaráis Áitiúil a scríobh, chun aiseolas a chur ar fáil agus cúnamh a thabhairt le cur i bhfeidhm na dtéamaí agus na ngníomhartha sa Phlean, chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn agus chun meastóireacht a dhéanamh ar thionchair an Phlean.










# Cad is Plean Oidhreachta ann?



Is straitéis uile-chontae é Plean Oidhreachta le hoidhreacht thógtha, nádúrtha agus chultúrtha a aithint, a chosaint, a chaomhnú, a bhainistiú, a fheabhsú agus a léirmhíniú faoi stiúir an údaráis áitiúil.

Is ionann ullmhú a leithéid de phlean agus deis le saincheisteanna agus riachtanais oidhreachta a aithint ar leibhéal an chontae, agus aghaidh a thabhairt orthu go háitiúil, de réir creat réigiúnach agus náisiúnta.

Is é an sprioc fhoriomlán ná oidhreacht nádúrtha, thógtha agus chultúrtha an chontae a chosaint, a chaomhnú agus, nuair is iomchuí, a fheabhsú, agus gach duine a spreagadh chun meas a bheith acu ar ár n-oidhreacht, taitneamh a bhaint aisti, í a thuiscint agus aire a thabhairt di.

Tá sé beartaithe go mbeidh aidhmeanna agus cuspóirí straitéiseacha sa Phlean Oidhreachta nua. Beidh an méid sin mar bhonn faoi Phlean Gníomhaíochta bliantúil, a bheidh le ceapadh agus le cur chun feidhme gach bliain bunaithe ar na tosaíochtaí a comhaontaíodh sa straitéis.

# Céimeanna Forbartha an Phlean Oidhreachtat

**1. AN PLEAN A ULLMHÚ**

Próiseas agus creat ama a chomhaontú leis an bhFoireann Bainistíochta agus Fóram Oidhreachta a bhunú. Sonraí cúlra a bhailiú agus bearnaí a shainaithint.

**2. CAIDREAMH LEIS AN bPOBAL**

Cruinnithe a thionól agus aighneachtaí a lorg ón bpobal.

**3.AN PLEAN A FHORBAIRT**

Saincheisteanna agus riachtanais oidhreachta a shainaithint, cuspóirí straitéiseacha a chomhaontú, agus dréacht-phlean a ullmhú trí idirchaidreamh le comhghleacaithe agus leis an bhFóram Oidhreachta.

**4. COMHAIRLIÚCHÁN POIBLÍ**

Cuirfear an Dréacht-Phean Oidhreachta ar taispeáint agus beidh tréimhse chomhairliúcháin phoiblí ann.

**5. ATHBHREITHNIÚ ar an bPLEAN**

An dréacht-phlean nuashonraithe a chur faoi bhráid na Foirne Bainistíochta agus an Choiste Speisialta um Beartas chun barúlacha/ceadú a thabhairt ina leith.

**6. AN PLEAN A CHEADÚ**

Athbhreithniú a dhéanamh ar an dréacht-phlean agus é a chur faoi bhráid an Choiste Speisialta um Beartas agus na Comhairle iomláine lena cheadú.

**7. FOILSIÚ**

An Plean Oidhreachta a fhoilsiú agus a sheoladh.






# Tá Rannpháirtíocht an Phobail riachtanach

Is cuspóir tábhachtach é feasacht an phobail faoin bPlean Oidhreachta a mhúscailt agus, ar deireadh, tacaíocht an phobail a fháil don Phlean. Tá sé riachtanach go mothóidh gach duine a chuireann leis an bplean, agus an pobal i gcoitinne, gur leo an plean.

**Tá d'ionchur ag teastáil uainn, le go n-éireoidh leis an bPlean Oidhreachta.**

Tá sé ríthábhachtach go mbeidh do thuairimí faoi Oidhreacht Loch Garman ar eolas againn. Trí do thuairimí a roinnt linn, cabhróidh tú linn saincheisteanna áitiúla a shainaithint agus gníomhartha a fhorbairt don Phlean Oidhreachta Contae.

## Ceisteanna le machnamh a dhéanamh orthu:

Cad é an dúshlán is mó atá roimh Oidhreacht Loch Garman, dar leat?

Cad iad na gníomhartha ar mhaith leat a fheiceáil sa Phlean Oidhreachta nua?

Cad iad na spriocanna foriomlána is ceart a bheith sa Phlean Oidhreachta?



# Bealaí le bheith rannpháirteach

Tréimhse an chomhairliúcháin réamhdhréachta: tosóidh sí Dé Luain, an 4 Lúnasa 2025 agus ní mór gach aighneacht a bheith faighte faoi 4pm, Dé Luain, an 25 Lúnasa 2025 (dáta deiridh).

Tá bealaí éagsúla ina bhféadfaidh tú aighneacht a dhéanamh ag an gcéim réamhdhréachta seo

### Tionólfar cruinnithe buail isteach ag:

- Leabharlann Inis Córthaidh, an 11 Lúnasa, 11am - 1pm
- Leabharlann Ros Mhic Thriúin, an 12 Lúnasa, 11am - 1pm
- Leabharlann Ghuaire, an 12 Lúnasa, 5.30pm - 7.30pm
- Ionad Stella Maris, Cé na Cille Móire, an 13 Lúnasa, 2pm - 4pm
- Leabharlann Loch Garman, an 14 Lúnasa, 5pm - 7pm

### Aighneachtaí i scríbhinn

- tríd an bpost chuig: Colm Moriarty, An tOifigeach Oidhreachta, Comhairle Contae Loch Garman, Halla an Chontae, An Charraig Leathan, Loch Garman
- ar ríomhphost chuig: heritage@wexfordcoco.ie

### Suirbhé ar líne

- trí shuirbhé ar líne a dhéanamh ar láithreán gréasáin Chomhairle Contae Loch Garman: https://consult.wexfordcoco.ie/en/content/heritage-plan-survey

Comhairle Contae Loch Garman
Wexford County Council



An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council